**AN tAONTAS EORPACH**

**PARLAIMINT NA hEORPA** | **AN CHOMHAIRLE**

**An Bhruiséil, 3 Aibreán 2025**
**(OR. en)**

**2025/0012(COD)** | **PE-CONS 3/25**

**POLCOM 50**
**COMER 38**
**CODEC 236**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/196 maidir le dleachtanna custaim breise ar allmhairí táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá |

**RIALACHÁN (AE) 2025/…**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/196**
**maidir le dleachtanna custaim breise ar allmhairí táirgí áirithe**
**de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[1],

---

**1** Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 1 Aibreán 2025 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an …

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 27 Eanáir 2003, ghlac Comhlacht um Réiteach Díospóidí (DSB) na hEagraíochta Domhanda Trádála (WTO) an tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc (United States — Offset Act (Byrd Amendment), Appellate Body report (Na Stáit Aontaithe — An tAcht um Fhritháireamh (Leasú Byrd), tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc (WT/DS217/AB/R, WT/DS234/AB/ R)) agus an tuarascáil ón bPainéal (United States — Offset Act (Byrd Amendment), Panel report (Na Stáit Aontaithe — An tAcht um Fhritháireamh (Leasú Byrd), tuarascáil ón bPainéal (WT/DS217/R, WT/DS234/R)), arna dearbhú sa tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc, ina bhfuarthas nach raibh an tAcht maidir le Dumpáil Leanúnach agus Fóirdheontas a Fhritháireamh (CDSOA) de chuid na Stát Aontaithe i gcomhréir le hoibleagáidí na Stát Aontaithe faoi chomhaontuithe WTO.

(2) Ós rud é gur mhainnigh na Stáit Aontaithe a reachtaíocht a thabhairt i gcomhréir le comhaontuithe WTO, d'iarr an Comhphobal Eorpach (Comhphobal) ar DSB an t-údarás a thabhairt dó cur i bhfeidhm a lamháltas taraife agus a n-oibleagáidí lena mbaineann faoin gComhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a chur ar fionraí i leith na Stát Aontaithe. Chuir na Stáit Aontaithe in aghaidh leibhéal fionraí na lamháltas taraife agus na n-oibleagáidí lena mbaineann, agus cuireadh an t-ábhar chun eadrána.

(3) Chinn an tEadránaí, an 31 Lúnasa 2004, gurbh ionann an leibhéal neamhnithe nó lagaithe a bhain don Chomhphobal gach bliain agus 72 % de mhéid eisíocaíochtaí CDSOA a bhaineann le dleachtanna frithdhumpála nó frithchúitimh arna n-íoc ar allmhairí ón gComhphobal i leith na bliana is déanaí a raibh sonraí ina leith ar fáil an tráth sin, arna bhfoilsiú ag údaráis na Stát Aontaithe. Maidir le lamháltais taraife nó oibleagáidí eile a chuir an Comhphobal ar fionraí i bhfoirm forchur dleachta allmhairiúcháin breise de bhreis ar dhleachtanna custaim ceangailte ar liosta táirgí de thionscnamh na Stát Aontaithe, nach mó a méid trádála bliantúil ná an méid neamhnithe nó lagaithe, ba é tátal an Eadránaí go mbeadh an fhionraí sin i gcomhréir le rialacha WTO. An 26 Samhain 2004, thug DSB an t-údarú don Chomhphobal cur i bhfeidhm na lamháltas taraife agus na n-oibleagáidí lena mbaineann faoi CGTT 1994 a chur ar fionraí i leith na Stát Aontaithe i gcomhréir le cinneadh an Eadránaí.

(4) Toisc gur mhainnigh na Stáit Aontaithe CDSOA a chur i gcomhréir lena n-oibleagáidí faoi chomhaontuithe WTO, trí bhíthin Rialachán (AE) 2018/196 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], cuireadh lamháltais taraife agus oibleagáidí gaolmhara an Aontais faoi CGTT 1994 ar fionraí i leith táirgí áirithe de thionscnamh na Stát Aontaithe agus forchuireadh dleacht chustaim bhreise *ad valorem* (dleacht allmhairiúcháin bhreise) 4,3 % ar allmhairí na dtáirgí sin. I gcomhréir leis an údarú ó WTO cur i bhfeidhm na lamháltas taraife maidir leis na Stáit Aontaithe a chur ar fionraí, tá an Coimisiún leis an leibhéal fionraí sin a choigeartú go bliantúil chuig an leibhéal neamhnithe nó lagaithe atá san Aontas an tráth sin mar thoradh ar CDSOA.

---

[2] Rialachán (AE) 2018/196 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Feabhra 2018 maidir le dleachtanna custaim breise ar allmhairí táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá (IO L 44, 16.2.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/196/oj).

(5) De réir sonraí a d'fhoilsigh Roinn Cosanta Teorann agus Custaim na Stát Aontaithe, le blianta beaga anuas tá laghdú tagtha ar an leibhéal neamhnithe nó lagaithe ar an Aontas mar gheall ar CDSOA. Mar shampla, in 2024 ríomhadh é ag USD 34,98, a chomhfhreagraíonn do ráta dleachta allmhairiúcháin breise de 0,00002 %. Ós rud é nach mbeadh aon éifeacht trádála ag bailiú na dleachta allmhairiúcháin breise ach go mbeadh costas riaracháin díréireach ar an Aontas mar thoradh air, socraíodh ráta na dleachta allmhairiúcháin breise ag 0 % trí bhíthin Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1239 ón gCoimisiún[3], lenar leasaíodh Rialachán (AE) 2018/196 dá réir. Ós rud é gur aisghaireadh CDSOA go héifeachtach an 1 Deireadh Fómhair 2007, táthar ag súil go bhfanfaidh an leibhéal neamhnithe nó lagaithe agus, dá bhrí sin, an leibhéal fionraí ag an leibhéal laghdaithe suntasach sin agus leibhéal diomaibhseach ó thaobh an gheilleagair de.

(6) Chun próisis éifeachtúla a áirithiú agus costais riaracháin dhíréireacha don Aontas a sheachaint, ba cheart Rialachán (AE) 2018/196 a leasú trí thairseach de minimis a chur san áireamh nár cheart a cheangal ar an gCoimisiún an leibhéal fionraí a choigeartú faoina bun agus ba cheart cur i bhfeidhm na dleachta allmhairiúcháin breise a chur ar fionraí.

(7) Ba cheart an tairseach *de minimus* a shocrú ag USD 30 000 le haghaidh na n-eisíocaíochtaí faoi CDSOA a bhaineann le dleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh arna n-íoc ar allmhairí ón Aontas i leith na bliana is déanaí a bhfuil sonraí ina leith ar fáil an tráth sin, mar atá foilsithe ag údaráis na Stát Aontaithe (Roinn Cosanta Teorann agus Custaim na Stát Aontaithe). Faoi bhun na tairsí sin, ní bheadh aon tionchar trádála ag an dleacht allmhairiúcháin bhreise, mar thoradh ar an bhfoirmle a shainordaítear le húdarú WTO, agus dá bhrí sin bheadh sí diomaibhseach ó thaobh an gheilleagair de. Bheadh costais riaracháin dhíréireacha ar an Aontas dá bharr freisin.

---

[3] Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1239 ón gCoimisiún an 22 Feabhra 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/196 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dleachtanna custaim breise ar allmhairí táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá (IO L, 2024/1239, 29.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/1239/oj).

(8) Ba cheart Airteagal 3(3) de Rialachán (AE) 2018/196, lena dtugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, a leasú chun é a ailíniú leis na clásail chaighdeánacha atá i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[4].

(9) Ionas nach ndéanfar iarracht dhíréireach riaracháin agus chun go bhféadfar an tairseach *de minimis* a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(10) I bhfianaise an ghá atá lena áirithiú go dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm sula ndéanfar iarracht dhíréireach riaracháin, meastar gurb iomchuí an eisceacht ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, a agairt.

(11) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2018/196 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

[4] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj.

*Airteagal 1*

I Rialachán (AE) 2018/196, leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(1) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 4 chun na coigeartuithe agus na leasuithe dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo a dhéanamh.’;

(2) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘4. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, i gcás inar USD 30 000 nó níos lú méid na n-eisíocaíochtaí faoi CDSOA a bhaineann le dleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh arna n-íoc ar allmhairí ón Aontas i leith na bliana is déanaí a bhfuil sonraí ina leith ar fáil an tráth sin, mar atá foilsithe ag údaráis na Stát Aontaithe, ní dhéanfaidh an Coimisiún an leibhéal fionraí a choigeartú agus cuirfear cur i bhfeidhm na dleachta allmhairiúcháin breise dá dtagraítear in Airteagal 2 ar fionraí. Foilseoidh an Coimisiún fógra in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh chuige sin.’.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*